2025.M5

2025L001G1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2025

# Gaeilge

## Páipéar 1
## (Cluastuiscint agus Ceapadóireacht)

## Gnáthleibhéal

## Dé Luain 9 Meitheamh    Tráthnóna 2:00 - 3:50

160 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe** __ __ / __ __ / __ __

Scríobh 3 Feabhra 2005 mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2025 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Scríobh do Scrúduimhir agus do Dháta Breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí ar gach cuid den scrúdú seo sna spásanna atá curtha ar fáil sa fhreagarleabhar seo.

Scríobh do chuid freagraí **le peann gorm nó le peann dubh**. **Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid.**

Déanfar an freagarleabhar seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Féadfaidh sé nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Tá **dhá** chuid sa scrúdú seo.

| | | |
|---|---|---|
| Cuid I | An Chluastuiscint | **60 marc** |
| Cuid II | An Cheapadóireacht | **100 marc** |

| Cuid I | An Chluastuiscint | 60 marc |
|---|---|---|

Freagair gach cuid – A, B, C – sa fhreagarleabhar seo.
Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.

## Cuid A

Cloisfidh tú ***dhá*** fhógra sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

**FÓGRA A hAON**

**1. (a)** Cén stáisiún raidió a chuir amach an fógra seo?

**(b)** Cén t-ainm a bheidh ar an gclár nua?

**2. (a)** Cén t-am a chraolfar an clár nua gach Aoine?

**(b)** Cén sórt ceoil a bheidh sa stiúideo?

**FÓGRA A DÓ**

**1. (a)** Cén grúpa múinteoirí a chuir amach an fógra seo?

**(b)** Cé mhéad scoláire atá á lorg chun páirt a ghlacadh i dtionscadal suimiúil?

**2. (a)** Cad a scríobhfaidh na scoláirí ar thorthaí a gcuid oibre?

**(b)** Cén lá a bheidh an cruinniú ar siúl?

## Cuid B

Cloisfidh tú ***dhá*** chomhrá sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina ***dhá*** mhír é. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

### COMHRÁ A hAON

***An Chéad Mhír***

**1**. Cén áit sa bhaile mór a bhfuil Seán ag obair go lánaimseartha mar theagascóir?

**2.** Cén t-am a thosaíonn Seán ag obair dhá mhaidin sa tseachtain?

***An Dara Mír***

**1.** Cén cluiche a imríonn Aoife leis an gclub áitiúil?

**2.** Cén táille speisialta atá ar fáil do mhic léinn do bhallraíocht trí mhí?

### COMHRÁ A DÓ

***An Chéad Mhír***

**1.** Cá fhad a chaith Liam agus a thuismitheoirí in Sydney?

**2.** Cén áit a mbuaileann deirfiúr Liam le hÉireannaigh eile in Sydney?

***An Dara Mír***

**1.** Cén áit in Éirinn a bhfuil Maria ina cónaí anois?

**2.** Cén uirlis cheoil a sheinneann Maria?

## Cuid C

Cloisfidh tú ***dhá*** phíosa nuachta sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

**PÍOSA A hAON**

**1.** Cé a sheol 'an Scéim Éarlaise agus Aisíoca' i mí Feabhra na bliana seo caite?

**2.** Scríobh síos áit **amháin** ina bhfuil na meaisíní speisialta ar fáil chun buidéil phlaisteacha fholmha agus cannaí alúmanaim folmha a chur isteach iontu.

**PÍOSA A DÓ**

**1.** Cad atá sa chartlann nua atá curtha ar fáil ag Gael Linn?

**2.** Cén bhliain a bunaíodh Gael Linn?

## Cuid II    An Cheapadóireacht    100 marc

## Treoracha

Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.

Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.

Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.

| Cuid II | An Cheapadóireacht | 100 marc |
|---|---|---|

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

## A — Giota Leanúnach/Blag — 50 marc

Scríobh **giota leanúnach** nó **blag** (leathleathanach nó mar sin) ar cheann **amháin** de na hábhair seo.

(i) Siopadóireacht.

(ii) Áit shuimiúil.

(iii) Pearsa spóirt a thaitníonn go mór liom.

## B — Scéal — 50 marc

Ceap **scéal** (leathleathanach nó mar sin) a mbeadh ceann **amháin** de na sleachta seo a leanas oiriúnach mar ***thús*** leis.

(i) Bhí sceitimíní áthais orm. D'éirigh liom dhá thicéad a fháil don cheolchoirm …

**nó**

(ii) Is cuimhin liom go maith an lá sin. Tháinig athrú mór ar mo shaol an lá sin …

## C — Litir/Ríomhphost — 50 marc

(i) D'eagraigh Comhairle na nDaltaí a lán imeachtaí i do scoil i rith na bliana. Bhí tú féin páirteach i gcuid de na himeachtaí sin.
Scríobh **an litir/an ríomhphost** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig cara leat ag insint dó/di faoi na himeachtaí a d'eagraigh Comhairle na nDaltaí **agus** faoin bpáirt a ghlac tú féin i gcuid de na himeachtaí sin.

**nó**

(ii) Thit sneachta trom i do cheantar le déanaí. Ní raibh tú féin ná do mhuintir ábalta bogadh amach as bhur gceantar féin ar feadh cúpla lá.
Scríobh **an litir/an ríomhphost** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig cara leat ag insint dó/di faoin titim shneachta sin **agus** faoi mar a chaith tú féin agus do mhuintir na laethanta nuair a bhí sneachta trom ann.

## D — Comhrá — 50 marc

(i) Léigh tú féin agus do chara blag ar líne. Cheap tú go raibh an blag suimiúil ach níor aontaigh do chara leat. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat le do chara faoin ábhar sin.

**nó**

(ii) Tá post páirtaimseartha agat agus tú i mbliain na hArdteistiméireachta. Níl do thuismitheoirí sásta faoin méid ama a chaitheann tú ag obair i do phost. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat le do thuismitheoirí faoin ábhar sin.

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Gaeilge - Páipéar 1
# (Cluastuiscint agus Ceapadóireacht)

Dé Luain 9 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 - 3:50